



Deich nDineasár Uafásacha

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Uimhreas	Uimhriú agus Comhaireamh

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spráíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann feasacht a fhorbairt gurb é cainníochtú an cuspóir a bhaineann le comhaireamh.	Seasann an uimhir dheireanach sa chomhaireamh do chainníocht an tacair.

Mata a Fhoghlaim

Tríd an eispéireas foghlama seo, tuigeann na foghlaimeoirí nuair a chomhairtear siar, go n-éiríonn an uimhir níos lú. Agus scéal á léamh ag na¹ foghlaimeoirí, comhaireann na foghlaimeoirí líon na ndineasár ar gach leathanach, agus tugann siad faoi deara céard a fhanann mar a chéile agus céard a athraíonn. Agus na foghlaimeoirí ag baint úsáid as réimse uirlisí, cruthaíonn siad sraith de dheich agus baineann siad réada de chun an laghdú i líon na ndineasár a léiriú agus an scéal á léamh. Tógann na foghlaimeoirí glac dineasár ansin. Measann, comhaireann agus déanann siad taifead ar líon na ndineasár ina lámha, agus ansin, déanann siad an ghníomhaíocht arís.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimeoir</i>			
Glacann sé páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí comhairimh, comhaireann sé na dineasáir agus léiríonn sé comhfhreagras aon-aon.	Pléann sé na huimhreacha 1-10, tarraingíonn sé agus scríobhann sé léirithe díobh trí úsáid a bhaint as láimhseoga, frámaí deich, rekenrek, ciúbanna, naisc, pionnaí etc.	Aithníonn sé go bhfuil gach uimhir eile i seicheamh ceann amháin níos mó na an ceann a thagann roimhe agus go bhfuil sé aon cheann amháin níos lú ná an ceann a thagann ina dhiaidh.	Roghnaíonn sé agus baineann sé úsáid as ábhair oiriúnacha chun réimse leathan tacar a dhéanamh le haghaidh uimhir a thugtar.

¹ Físeán ar fáil ag: <https://youtu.be/G3Plz5cOk4o>



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Spreag na foghlaimeoirí patrúin agus naisc a thabhairt faoi deara, a fhiosrú agus a phlé.	Cuir láimhseoga ar fáil do na foghlaimeoirí chun dráma a dhéanamh den scéal.
Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí rogha uirlisí a úsáid chun a smaointeoireacht a léiriú.	
Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Cuir cothromóidí matamaiticiúla i láthair agus tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí iad a réiteach. D'fhéadfaí a áireamh leis na samplaí; • $10 - 3 =$ • $10 - 4 =$ • $10 - \square = 7$ Cruthaigh fadhbanna focal ón scéal agus iarr ar na foghlaimeoirí iad a réiteach, e.g. 'Bhí sé dhineasár ag stampáil agus ag damhsa. Dá rachadh 3 i bhfostú, cé mhéad acu a bheadh fágtha ag damhsa?'	Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí teanga mhatamaiticiúil a úsáid chun comhaireamh (<i>níos lú ná, níos mó ná, iomlán, le chéile</i>) trí cheistiúchán sciliúil a úsáid. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na ceisteanna samplacha; • Cad atá ag tarlú? • An féidir leat a insint dom cad atá difriúil ar an leathanach seo? • An bhfuil níos mó/níos lú dineasár ar an leathanach seo? Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh?
Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic	
• An nglacann na foghlaimeoirí páirt ghníomhach sna gníomhaíochtaí comhairimh? • An léiríonn na foghlaimeoirí go bhfuil tuiscint acu ar chomhfhreagras aon-aon? • An féidir leis na foghlaimeoirí na uimhreacha 1 - 10 a léiriú ach úsáid a bhaint as réimse láimhseog agus an gaol idir na huimhreacha a thuiscint?	
Foinse	
Curtha in oiriúint ó: https://www.mathsthroughstories.org/uploads/5/7/2/5/57253055/lesson_plan_-_carla_stanley_-_ten_terrible_dinosaurs.pdf	